

# Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath



2012-2015

# CLÁR ÁBHAIR

Caibidil 1	Scéim a Ullmhú agus Forléargas ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC)	Leathanach
1.1	Réamhrá	1
1.2	Treoirlínte maidir le Scéim a Ullmhú	1
1.3	Próiseas Comhairliúcháin	1
1.4	Tosaíochtaí do Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC	1
1.5	Dáta Tosaigh na Scéime	2
1.6	Forléargas ar ITBÁC	2
1.7	Rialachas ar ITBÁC	4
<b>Caibidil 2</b>	<b>Seirbhísí Gaeilge Reatha in ITBÁC</b>	
2.1	Cúlra Reachtúil na Gaeilge in ITBÁC	5
2.2	Cláir Acadúla agus Taighde i nGaeilge/le Gaeilge	5
2.3	Seirbhísí Riaracháin Gaeilge in ITBÁC	6
2.4	Oiliúint Ghaeilge don Fhoireann	7
2.5	Seirbhísí Gaeltachta in ITBÁC	7
<b>Caibidil 3</b>	<b>Tiomantais i dtreo Seirbhísí a Fheabhsú Faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC:</b>	
3.1	Soláthar Cláir Acadúla Ghaeilge	8
3.2	Soláthar Seirbhísí Oiliúna Gaeilge d'fhoireann ITBÁC	9
3.3	Foilseacháin, Ábhar Poiblíochta ITBÁC agus na Meáin	10
3.4	Bileoga Eolais, Foirmeacha agus Tuarascálacha Modúl ITBÁC	11
3.5	Teicneolaíocht Faisnéise, Láithreán Gréasáin agus Seirbhísí Idirghníomhacha ITBÁC	12
3.6	An Ghaeilge agus Saol na Mac Léinn	13
3.7	Lasc-chlár ITBÁC	14
3.8	Fáiltithe ITBÁC	14
3.9	Campas Ghráinseach Ghormáin	14
<b>Caibidil 4</b>	<b>Monatóireacht, Measúnú agus Poiblíocht ar Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla, ITBÁC</b>	
4.1	Monatóireacht agus Measúnú a dhéanamh ar Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC	15
4.2	Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC a Phoibliú	15

**1.1 Réamhrá:**

Dréachtaíodh Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus sa Scéim sonraítear na tiomantais reachtúla maidir leis na seirbhísí a chuirfidh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) ar fáil:

- i nGaeilge amháin
- i mBéarla amháin agus
- go dátheangach

sna trí bliana atá amach romhainn. Is é cuspóir na Scéime seo ná raon agus caighdeán na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge in ITBÁC a mhéadú agus soláthar a dhéanamh le go nglacfar le bearta lena chinntiú go gcuirfear seirbhísí áirithe nach bhfuil ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair ar fáil laistigh de thréimhse ama socraithe.

**1.2 Treoirínte maidir le Scéim a Ullmhú:**

Forálann Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, go n-ullmhódh an tAire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta treoirínte agus go n-eiseofaí iad ar chomhlachtaí poiblí chun cuidiú leo dréacht-scéimeanna a ullmhú. Dréachtaíodh an Scéim seo de réir na dtreoirínte sin.

**1.3 Próiseas Comhairliúcháin:**

Cuireadh Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC le chéile tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin le comhaltaí foirne agus mic léinn ITBÁC chomh maith le heolas a fháil ó mholtaí agus ó thuairimí a cuireadh in iúl in aighneachtaí a fuarthas ón bpobal.

Eagraíodh seisiúin eolais san Institiúid agus rinneadh suirbhé cuimsitheach ar líne chun dearcthaí agus tuairimí chomhaltaí foirne agus mhic léinn ITBÁC a fháil amach maidir le Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC a ullmhú agus cuireadh 394 ceistneoir ar an iomlán i gcrích.

Cuireadh fógra poiblí faoi Alt 13 den Acht i bpáipéir nuachtáin Ghaeilge agus Bhéarla in Aibreán 2009 ag lorg aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Scaipeadh ríomhphost chuig méain éagsúla, eagraíochtaí Gaeilge agus iarbhunskoileanna ag lorg aighneachtaí ón bpobal agus fuarthas 15 aighneacht ón bpobal.

Bhí gach moladh agus tuairim a bailíodh i rith an phróisis chomhchomhairliúcháin seo mar eolas do Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC.

Ba mhaith le ITBÁC buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann ar fad, leis na mic léinn agus leis an bpobal a chuidigh linn ár gcéad Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla a dhréachtú.

**1.4: Tosaíochtaí do Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC:**

- Soláthar seirbhísí dátheangacha in ITBÁC a mhéadú agus a fhorbairt sna 3 bliana amach romhainn.
- Leibhéal inniúlachta Gaeilge na foirne a fheabhsú trí oiliúint agus tacaíocht teanga a chur ar fáil chun soláthar seirbhísí dátheangacha a fhorbairt.
- Seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil don phobal go forghníomhach sna 3 bliana atá amach romhainn.
- Feasacht i measc na foirne agus na mac léinn a chruthú maidir le hábhar agus cuspóir Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla trí oiliúint feasachta teanga a chur ar fáil.
- Infheiceálacht na Gaeilge in ITBÁC a ardú sna 3 bliana atá amach romhainn.
- Tiomantas ITBÁC i leith chur chun cinn agus fhorbairt na Gaeilge a mhéadú ar fud na hInstitiúide.

## CAIBIDIL 1:

### SCÉIM A ULLMHÚ AGUS FORLÉARGAS AR INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH (ITBÁC):

#### 1.5: Dáta Tosaigh na Scéime:

Cuirfear tús le Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC ar an 22 Bealtaine 2012 agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go ndearbhóidh an tAire scéim nua de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is túsce.

#### 1.6: Forléargas ar Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC):

Is institiúid ardoideachais chuimsitheach í ITBÁC a chuireann cláir lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil in oideachas eolaíochta, teicniúil, teicneolaíochta, daonnachtaí agus gnó ag leibhéal fochéime agus iarchéime. Tá dlúthbhaint aici leis na forbairtí is déanaí i dteicneolaíocht sna réimsí seo, agus ag an am céanna coinníonn sí tiomantas leanúnach i leith forbairt tionsclaíche, eacnamíochta agus cultúir. Cuireann an Institiúid cláir oideachais agus taighde ar fáil ó leibhéal an phrintísigh go dtí leibhéal dochtúireachta ina ceithre coláiste, is iad sin Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta; Coláiste an Ghnó; Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha agus Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte.

Téann stair ITBÁC siar chomh fada le 1887 agus tá traidisiún fada agus mórtasach aici ó thaobh oideachais a chur ar fáil ag na caighdeáin is airde. Faoi fhorálacha Acht Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath 1992, rinneadh Institiúid ardoideachais neamhspleách den Institiúid. I 1998, bronnadh a cuid cumhachtaí bronnta céime féin ag leibhéal fochéime agus iarchéime araon ar an Institiúid.

##### 1.6.1: Mic léinn agus Comhaltaí Foirne:

Tá 11,906 mac léinn tríú leibhéal lánaimseartha in ITBÁC atá i mbun níos mó ná 100 clár éagsúil, sa bhreis air 4,767 mac léinn páirtaimseartha agus 2,048 printíseach, rud a thugann iomlán ollmhór de 18,721 mac léinn don bhliain acadúil 2011/12.

Faoi láthair tá 955 comhaltaí foirne, coibhéis lánaimseartha acadúil agus 850 comhaltaí foirne, coibhéis lánaimseartha neamhadúil lena n-áirítear comhaltaí foirne riaracháin, teicniúla agus tacaíochta fostaithe in ITBÁC (Márta 2012).

##### 1.6.2: Gníomhaíochtaí

Tá an Institiúid rannpháirteach freisin i ngníomhaíochtaí taighde, forbartha agus comhairliúcháin agus tá roinnt ionad agus tionscadal bunaithe aici i réimsí ar nós: Meáin Dhigiteacha; Forbairt Táirgí Bia; Optaic Tionsclaíochta agus Innealtóireachta; Loighistic agus Iompar; Cothabháil; Optaileictreonaic; Cumarsáid Satailíte; Oideolaíocht/Eolaíochtaí Sóisialta; Forbairt Tionscadail; Radaíocht agus Eolaíocht Chomhshaoil; Forbairt Adhmaid agus Taighde Turasóireachta.

##### 1.6.3: Suíomhanna:

Tá gach ionad de chuid ITBÁC suite in aice le lár na cathrach, ar an dá thaobh den Life. Is iad príomhshuíomhanna na 4 Choláiste ná:

- ITBÁC Shráid Aungier (Coláiste an Ghnó, Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)
- ITBÁC Shráid Bolton (Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha)
- ITBÁC Shráid Chathail Brugha (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta, Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte)
- ITBÁC Shráid Chaoimhín (Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte, Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha)
- ITBÁC Chearnóg Mhuinseo (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)
- ITBÁC Ráth Maonais (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta)

# CAIBIDIL 1:

## SCÉIM A ULLMHÚ AGUS FORLÉARGAS AR INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA BHAILE ÁTHA CLIATH (ITBÁC):

### 1.6.4: Fís, Misean agus Luachanna ITBÁC

#### Fís:

Beidh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath mar an chéad rogha in Éirinn do dhaoine a bheidh ag lorg teagasc gairmiúil agus fionnachtana gairmiúla atá dírithe ar an ngairm bheatha i dtimpeallacht bhríomhar a bhfuil sár-aithne uirthi maidir le feidhmiú nuála, cruthaitheachta agus taighde.

#### Misean agus Luachanna:


Suite i gcroílár phríomhchathair na hÉireann, cuireann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath raon clár ag leibhéil éagsúla i dtimpeallacht foghlama nuálach, sofhreagrach agus comhbhách ar fáil do mhic léinn de gach aois agus ó gach cúlra. Agus sin á dhéanamh aici, déanann Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath na nithe seo a leanas:

- nascann sí sárchleachtas acadúil ollscoil thraidisiúnta le foghlaim, fionnachtain agus feidhmiú eolais atá dírithe ar an ngairm bheatha;
- leagann sí béim ar shármhaitheas ina cuid teagasc, scoláireachta, taighde agus tacaíochta d'fhiontraíocht; agus
- cothaíonn sí forbairt shóisialta, chultúrtha, teicneolaíochta agus eacnamaíochta na hÉireann go gníomhach.

### 1.6.5: Cairt Eagraíochta ITBÁC:

Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath - Cairt Eagraíochta

01.09.10



**1.7: Rialachas ar ITBÁC:****1.7.1: Comhlacht Rialaithe**

Bhunaigh An tAcht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992 an Comhlacht Rialaithe mar údarás rialaithe na hInstitiúide. Ar an gComhlacht Rialaithe tá Cathaoirleach agus Uachtarán na hInstitiúide agus 18 gnáthchomhalta eile. Is féidir liosta de bhallraíocht reatha Chomhlacht Rialaithe ITBÁC a fháil ar [www.dit.ie/ga/maidirle/governing](http://www.dit.ie/ga/maidirle/governing)

Déanann an Comhlacht Rialaithe gnóthaí na hInstitiúide agus maoin ar fad na hInstitiúide a rialú agus a bhainistiú agus comhlíonann sé na feidhmeanna a bronnadh ar an Institiúid mar a aithníodh in Achtanna ITBÁC 1992 agus 1994 agus san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006. Tá breis eolais maidir le freagrachtaí an Chomhlachta Rialaithe le fáil sna hAchtanna ITBÁC, 1992 agus 1994 agus san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 ar [www.acts.ie](http://www.acts.ie)

**1.7.2: Foireann Ceannaireachta Shinsearach**

Ar an bhFoireann Ceannaireachta Shinsearach tá Stiúrthóirí na 4 Choláiste agus na 5 thrasfheidhm tacaíochta ITBÁC chomh maith leis an Uachtarán:

- Uachtarán ITBÁC
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste na hInnealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste an Ghnó
- Stiúrthóir agus Déan, Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta
- Stiúrthóir Gnóthaí Acadúla agus Cláraritheoir
- Stiúrthóir Gnóthaí Mac Léinn agus Forbairt agus Déan na Mac Léinn
- Stiúrthóir Taighde agus Fiontraíocht agus Déan na Scoile Taighde Céimithe
- Stiúrthóir Airgeadais agus Acmhainní
- Stiúrthóir Acmhainní Daonna.

Cuireann an Fhoireann Ceannaireachta Shinsearach ról ceannaireachta ar fáil ó thaobh fás agus forbairt iomlán na hInstitiúide.

**1.7.3: An Chomhairle Acadúil**

Is í an Chomhairle Acadúil an comhlacht reachtúil atá freagrach as caighdeáin acadúla na hInstitiúide a bhunú agus a chothabháil. Ceapann an Comhlacht Rialaithe comhaltaí chun cuidiú le hobair oideachais na hInstitiúide a phleanáil, a chomhordú, a fhorbairt agus a mhaoirsiú agus chun caighdeáin acadúla chláir agus ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a chosaint, a chothabháil agus a fhorbairt.

Ar an gComhairle tá Uachtarán, Stiúrthóirí, comhaltaí sinsearacha foirne acadúla, comhaltaí foirne agus mic léinn acadúla tofa. Tá thart ar 90 comhalta ar an gcomhairle agus de ghnáth bíonn 4 chruinniú in aghaidh na bliana acadúla aici.

## CAIBIDIL 2:

### SEIRBHÍSÍ GAEILGE REATHA IN ITBÁC:

Feidhmíonn na ranna agus na scoileanna ar fad in ITBÁC agus cuireann siad seirbhísí ar fáil nach mór i mBéarla amháin. Níl soláthar Gaeilge mar thraidisiún ag ITBÁC cé go bhfuil líon beag foirne ar fud na hInstitiúide a chuireann seirbhísí ar fáil i nGaeilge. Léiríonn torthaí ó shuirbhé foirne a rinneadh mar chuid d'ullmhú Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC, áfach, go mbeadh 60.2% den fhoireann a rinneadh suirbhé orthu sásta déileáil leis an bpobal i nGaeilge amach anseo dá mbeadh oiliúint ar fáil a chuideodh leo sin a dhéanamh.

Tá na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil faoi láthair ó scoileanna agus ó ranna ITBÁC (níl Dualgais Dhíreacha ná Rialacháin Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ar chomhlachtaí poiblí san áireamh) liostaithe thíos.

#### 2.1: Cúlra Reachtúil na Gaeilge in ITBÁC

Tá forálacha d'fhorbairt na Gaeilge san áireamh san Acht um Institiúidí Teicneolaíochta, 2006 agus san Acht um Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 1992.

Deirtear i bPlean Straitéiseach Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Fís d'Fhorbairt 2001-2015 go ndéanfar *“úsáid na Gaeilge a chothú agus a fhorbairt i saol, i gcultúr agus i ngnóthaí uile na hInstitiúide”* (Leathanach 9)

#### 2.2: Cláir Acadúla agus Taighde i nGaeilge/le Gaeilge:

Go príomha is í feidhm ITBÁC ná cláir acadúla a chur ar fáil agus tá modúil Ghaeilge ar fáil faoi láthair ar réimse leathan de chlár lánaimseartha agus páirtaimseartha fochéime agus iarchéime i 6 scoil agus os cionn 200 mac léinn ag staidéar na Gaeilge in ITBÁC.

#### Scoil na dTeangacha:

##### Cláir Iarchéime:

MA sa Ghaeilge Fheidhmeach:

In Eanáir 2008, cuireadh tús le Clár Máistreacht dhá bhliain, páirtaimseartha múinte i nGaeilge Fheidhmeach (DT 587: MA sa Ghaeilge Fheidhmeach) i Scoil na dTeangacha. Cuirtear an clár ar fáil i gcomhar le Gaelchultúr Teo. agus déantar an clár a sheachadadh i nGaeilge.

##### Cláir Fochéime:

Cuireann Scoil na dTeangacha modúil Ghaeilge ar fáil ar na cláir fochéime seo thíos de chuid Scoil na Meán, Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta agus An Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia:

- i. DT 553: BA in Iriseoireacht le Teanga (Gaeilge)
- ii. DT 505: BA i Scannánaíocht agus Craoltóireacht le Teanga (Gaeilge)
- iii. DT 408T: BA (Gnáthleibhéal) i mBainistíocht Fáilteachais
- iv. DT 411: BA (Gnáthleibhéal) i mBainistíocht Fóillíochta
- v. DT 401T: BSc i mBainistíocht Fáilteachais Idirnáisiúnta
- vi. DT 412: BSc i Margaíocht Turasóireachta
- vii. DT 413: BSc i mBainistíocht Imeachtaí
- viii. DT 406: BA i mBainistíocht Turasóireachta
- ix. DT 407: BA (Onóracha) sna hEalaíona Cócaireachta
- x. DT 416: BSc (Onóracha) i bhFiontraíocht Chócaireachta
- xi. DT 417: BSc (Onóracha) i mBainistíocht agus i bhFiontraíocht Staidéir Beáir
- xii. DT432: Ardteastas in Ealaíona Cócaireachta (Cleachtas Gairmiúil Cócaireachta)

## CAIBIDIL 2:

### SEIRBHÍSÍ GAEILGE REATHA IN ITBÁC:

#### **Scoil na Meán:**

Ó bunaíodh Scoil na Meán, tá an Ghaeilge mar chuid lárnach de na cláir a chuireann sí ar fáil, i gcás na hiriseoireachta ó 1968, agus in ealaíon na meán ó 1978. Leanann sí de bheith mar ábhar lárnach do mhic léinn ar na cláir chéime lánaimseartha:

- DT 553, cuireann an BA in Iriseoireacht le Teanga (Gaeilge) céim le Gaeilge ar fáil
- DT 552, cuireann an BA in Ealaíon na Meán céim le Gaeilge ar fáil
- DT 505, cuireann an BA i Scannánaíocht agus Craoltóireacht le teanga (Gaeilge) céim le Gaeilge ar fáil

Seachadtar na cláir seo i gcomhar le Scoil na dTeangacha agus i ngach clár, déanann na mic léinn staidéar ar an teanga fheidhmeach a bhaineann go saineúil lena gcuid cúrsaí céime faoi seach.

#### **Ardscóil an Cheoil agus na Drámaíochta:**

Tá Gaeilge ar fáil mar rogha don tríú agus ceathrú Bliain ar DT 501: BA sa Cheol (Staidéir Cheoil Thraidisiúnta na hÉireann).

#### **Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí:**

Tá Modúl Roghnach 'Leanaí Dáttheangacha in Éirinn' ar fáil i mBliain 3 de DT 572: BA in Oideachas Luathóige.

#### **Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta:**

Cuireann Scoil na dTeangacha modúil Ghaeilge ar fáil ar 6 chlár céime lánaimseartha i Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta mar atá liostaithe thuas.

#### **An Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia:**

Cuireann Scoil na dTeangacha modúil Ghaeilge ar fáil ar 4 chlár fochéime sa Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia mar atá liostaithe thuas.

#### **Taighde ar an nGaeilge:**

Tá Scoil na dTeangacha, Scoil na Meán, Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta, Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta, Ardscoil an Cheoil agus na Drámaíochta (i gcomhar le hInstitiúid Mhichíl Uí Chléirigh sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath) agus ionaid taighde eile lena n-áirítear An tIonad do Thaighde Sóisialta agus Oideachais, an tIonad do Mheáin Dhigiteacha, an tIonad Forbartha Táirgí Bia, an Institiúid d'Fhiontraíocht Mhionlach agus an Institiúid Taighde do Chultúr agus d'Oidhreacht tar éis taighde a dhéanamh ar an nGaeilge.

### **2.3: Seirbhísí Riaracháin Gaeilge in ITBÁC**

#### **Coiste na Gaeilge:**

Bunaíodh Coiste na Gaeilge, coiste Gaeilge ITBÁC faoi choimirce chomhlacht rialaithe ITBÁC i 1998 chun maoirsiú a dhéanamh ar an nGaeilge san Institiúid. Ar Choiste na Gaeilge tá comhaltáí foirne a bhfuil Gaeilge acu ó na príomh 6 champas agus as gach coláiste chomh maith le hionadaíochta mac léinn. Tagann an Coiste le chéile 4 uair in aghaidh na bliana chun monatóireacht a dhéanamh ar obair Oifig na Gaeilge agus í a threorú agus chun pleanáil a dhéanamh d'fhorbairt ghinearálta na Gaeilge ar fud ITBÁC.

#### **Oifig na Gaeilge:**

Áirítear ar ghníomhaíochtaí Oifig na Gaeilge deiseanna a eagrú don fhoireann agus do mhic léinn chun Gaeilge a fhoghlaim; éascú a dhéanamh ar ullmhú agus ar chur i bhfeidhm Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC agus tacú le ranna agus le scoileanna chun soláthar seirbhísí dáttheangacha a fhorbairt; obair aistriúcháin; Scéim Cónaithe Gaeilge na Mac Léinn a eagrú; tacú le mic léinn atá ag staidéar na Gaeilge in ITBÁC cheana féin; tacú leis an gCumann Gaelach (cumann mac léinn Gaeilge de chuid ITBÁC) agus tacú le cumainn agus clubanna mac léinn eile agus leis na mic léinn iad féin an Ghaeilge a chur chun cinn ar an gcampas; scéimeanna scoláireachta Gaeltachta éagsúla a eagrú chomh maith le himeachtaí cultúir agus sóisialta Gaeilge a eagrú don fhoireann agus do mhic léinn ITBÁC.



## CAIBIDIL 2:

### SEIRBHÍSÍ GAEILGE REATHA IN ITBÁC:

#### Oifig Gnóthaí Poiblí:

- Tá liosta de chomhaltaí foirne ITBÁC atá inniúil agus atá sásta déileáil leis na meáin Ghaeilge ar mhíreanna nuachta a bhaineann lena réimse féin le fáil ón Oifig Gnóthaí Poiblí agus déantar é a thabhairt cothrom le dáta go rialta.
- Cuireann an Oifig Gnóthaí Poiblí stáiseanáireacht agus cártaí gnó dátheangacha ar fáil.
- Tá rannóg Gaeilge – 'Imeachtaí Gaeilge' san áireamh i ríomhíris na foirne "Update" a fhoilsíonn an Oifig Gnóthaí Poiblí.

#### Acmhainní Daonna agus Oiliúint agus Forbairt Foirne:

- Tacaíonn an tAonad Oiliúna agus Forbartha Foirne le hoiliúint Ghaeilge do chomhaltaí foirne ITBÁC a mhaoiniú.
- Aithníonn an Roinn Acmhainní Daonna rannpháirtíocht chomhaltaí foirne ITBÁC ar chúrsaí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht mar laethanta oiliúna, faoi réir ceadaithe an bhainisteora áitiúil.

#### Stiúthóireacht na nGnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora:

- Áirítear ábhar Gaeilge ar Leabhráin Eolais Shearmanas Bronnta ITBÁC.
- Úsáidtear Gaeilge ag bronnadh foirmiúil dámhachtainí ag searmanais bhronnta ITBÁC.
- Áirítear ábhar Gaeilge ar Pháir Dhámhachtana ITBÁC.

#### Oifig Chumann na Mac Léinn agus Aontas na Mac Léinn ITBÁC:

Tá Cumainn Mac Léinn ITBÁC á rith ag mic léinn do mhic léinn agus tacaíonn Oifig Chumann na Mac Léinn agus Aontas na Mac Léinn ITBÁC leo.

Tá os cionn 200 ball sa Chumann Gaelach, cumann mac léinn Gaeilge ITBÁC atá suite in ITBÁC Shráid Aungier. Eagraíonn an cumann imeachtaí Gaeilge do mhic léinn i rith na bliana agus faigheann sé comhairle agus tacaíocht airgeadais agus riaracháin ó Oifig Chumann na Mac Léinn agus ó Aontas na Mac Léinn ITBÁC.

#### 2.4: Oiliúint Ghaeilge don Fhoireann:

Tá sé de dheis ag an bhfoireann ar fad in ITBÁC freastal ar ranganna Gaeilge saor in aisce i rith am lóin agus tráthnóna, de ghnáth ar feadh 10 seachtaine i Seimeastar 1 agus ar feadh 6 - 8 seachtaine i Seimeastar 2 gach bliain acadúil. Eagraíonn Oifig na Gaeilge na ranganna seo i gcomhair leis an Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne agus le Scoil na dTeangacha.

Cuireadh ranganna go dtí seo ar fáil ag leibhéil A1, A2, B1 agus B2, Teastas Eorpach na Gaeilge agus spreagtar agus tugtar tacaíocht do chomhaltaí foirne tabhairt faoi scrúduithe Theastas Eorpach na Gaeilge. Ó Mheán Fómhair 2006, tá suas le 500 comhalta foirne tar éis freastal ar ranganna Gaeilge páirtaimseatha in ITBÁC.

#### 2.5: Seirbhísí Gaeltachta in ITBÁC:

Glacann ITBÁC páirt i seachadadh clár agus taighde i gceantair Ghaeltachta uaireanta i gcomhar le soláthróirí tríú leibhéal eile agus eagraíochtaí agus grúpaí áitiúla. Leanfaidh ITBÁC ar aghaidh ag cur clár ar fáil agus ag déanamh taighde i gceantair Ghaeltachta i rith shaolré na scéime seo.

Aithníonn an Institiúid an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge i gceantair Ghaeltachta agus tacaíonn sí le húsáid na Gaeilge i gcur chun cinn, i seachadadh agus i gcur i bhfeidhm a cuid clár agus taighde sa Ghaeltacht.

## CAIBIDIL 3:

### TIOMANTAIS I dTreo Seirbhísí A Fheabhsú faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC

Cuirfear tús leis an bpróiseas chun soláthar cuimsitheach seirbhísí do chustaiméirí trí Ghaeilge a chinntiú in ITBÁC i rith shaolré na chéad scéime seo ach ní chuirfear i gcrích é go dtí go mbeidh scéimeanna ina dhiaidh sin i bhfeidhm. Cuirfear an próiseas seo chun cinn trí oiliúint chuí a chur ar fáil do chomhaltaí foirne ar mian leo leas a bhaint as.

Cuirfidh ITBÁC seirbhísí agus foilseacháin dátheangacha ar fáil go gníomhach chun an t-éileamh atá ar sheirbhísí Gaeilge agus an úsáid a bhaintear astu a spreagadh. Tabharfar an t-eolas is deireanaí maidir leis na seirbhísí Gaeilge ar fad a bheas ar fáil ó ITBÁC don phobal ar fáil ar [www.dit.ie/gaeilge](http://www.dit.ie/gaeilge)

#### 3.1: Soláthar Cláir Acadúla Ghaeilge

##### Scoil na dTeangacha:

- Déanfaidh Scoil na dTeangacha fóchéim nua sa Ghaeilge – BA sa Ghaeilge don Saol Proifisiúnta a fhorbairt i rith shaolré na scéime seo.
- Leanfaidh Scoil na dTeangacha ar aghaidh ag seachadadh clár DT587, an MA sa Ghaeilge Fheidhmeach i rith shaolré na scéime seo, ar an gcoinníoll go mbeidh maoiniú á fháil ag an gclár i gcónaí.
- Leanfaidh Scoil na dTeangacha ar aghaidh ag cur modúil Ghaeilge ar fáil ar chláir fóchéime agus iarchéime Scoil na Meán, Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta agus an Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia i rith shaolré na scéime seo, chomh fada is a bheidh foireann ar fáil chun iad a sheachadadh.
- Fiosrófar an deis chun tuilleadh clár fochéime a fhorbairt trí Ghaeilge/le Gaeilge i Scoil na dTeangacha go gníomhach i rith shaolré na scéime seo.

##### Scoil na Meán:

- Déanfaidh Scoil na Meán na cláir seo a leanas a sheachadadh le Gaeilge go dtí leibhéal céime i rith shaolré na scéime seo:
  - i. DT 553\*: BA in Iriseoireacht le Teanga (Gaeilge)
  - ii. DT 552\*: BA in Ealaíon na Meán
  - iii. DT 505\*: BA i Scannánaíocht agus i gCraoltóireacht le Teanga (Gaeilge)  
\* tá cóid na gclár faoi réir athraithe i rith shaolré na scéime seo.
- Ó thús na scéime seo, tosóidh clár nua DT 505: BA i Scannánaíocht agus i gCraoltóireacht le Teanga (Gaeilge) agus de réir a chéile tiocfaidh an clár nua seo in áit an chlár atá ann cheana féin, DT 552: BA in Ealaíon na Meán.

##### Ardscóil an Cheoil agus na Drámaíochta:

- Leanfar ag cur Gaeilge ar fáil mar rogha don tríú agus ceathrú bliain ar DT 501: BA sa Cheol (Staidéir Cheoil Thraidisiúnta na hÉireann) i rith shaolré na scéime seo.
- Beidh teagasc duine le duine i nGaeilge ar fáil ar na cláir seo a leanas ó thús na scéime seo:
  - i. A001: Ceol Sóisearach agus Oideachas Leanúnach (veidhlín, pianó, guth)
  - ii. DT501: Baitsiléir sa Cheol
  - iii. DT527: Bonnteastas sa Cheol
  - iv. DT528: Baitsiléir in Oideachas Ceoil
  - v. DT543: Máistreacht sa Cheolagus sna huirlísí seo a leanas agus guth:
  - vi. Clasaiceach: veidhlín, pianó, guth
  - vii. Ceol Traidisiúnta: veidhlín, píopaí, flúit, bainseó, sean nós.

### CAIBIDIL 3:

## TIOMANTAIS I DTREO SEIRBHÍSÍ A FHEABHSÚ FAOI SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA ITBÁC

### Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Dlí:

- Leanfar ar aghaidh ag cur an mhodúil roghnaigh 'Leanaí Dáttheangacha in Éirinn' atá ar fáil i mBliain 3 de DT 572, BA in Oideachas Luathóige, ar fáil i rith shaolré na scéime seo.

### Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta:

- Leanfar ar aghaidh ag cur modúil Ghaeilge ar fáil ar na clár fochéime a chuireann an Scoil ar fáil i rith shaolré na scéime seo, faoi réir thacaíocht leanúnach Scoil na dTeangacha ITBÁC.

### An Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia:

- Leanfar ar aghaidh ag cur modúil Ghaeilge ar fáil ar na clár fochéime a chuireann an Scoil ar fáil i rith shaolré na scéime seo, faoi réir thacaíocht leanúnach Scoil na dTeangacha ITBÁC.

### Taighde i nGaeilge:

- Leanfaidh ITBÁC ag lorg deiseanna do thaighde ar an nGaeilge i gcomhar le Scoileanna agus ionaid thaighde ar fud na hInstitiúide, le heagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta, le heagraíochtaí eile agus le hInstitiúidí tríú leibhéal.
- Tá na Scoileanna ar fad thuas tiomanta do thacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn ar mian leo taighde a dhéanamh trí Ghaeilge faoi réir ag comhaltaí foirne a bheith ar fáil a bheidh cáilithe go cuí agus a bhfuil ar a gcumas tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil agus a bheidh sásta an tacaíocht sin a thabhairt i rith shaolré na scéime seo.

### 3.2: Soláthar Seirbhísí Oiliúna Gaeilge d'fhoireann ITBÁC

- Cuirfidh an Institiúid oiliúint Ghaeilge ar champas ar fáil do chomhaltaí foirne ag leibhéal éagsúla faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha agus éascóidh sí freastal foirne ar oiliúint ar an gcampas. Léireoidh an leibhéal oiliúna a chuirfear ar fáil don fhoireann an t-éileamh agus is í Oifig na Gaeilge a eagróidh an oiliúint.
- Tacóidh an tAonad Oiliúna agus Forbartha Foirne le hoiliúint Ghaeilge a chur ar fáil do chomhaltaí foirne i rith uaireanta oibre agus ag amanna lóin agus tráthnóna roimh dheireadh bhliain 2 den scéim.
- Spreagfar an fhoireann agus tabharfar tacaíocht dóibh scrúduithe Teastas Eorpach na Gaeilge a dhéanamh gach bliain ó thús na scéime seo.
- Cuirfear oiliúint bhreise níos sonraithe ar fáil do chomhaltaí foirne san fháiltiú, ar an lusc-chlár agus atá sna ranna a thugann aghaidh ar chustaiméirí roimh dheireadh bhliain 2 den scéim.
- Cuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil d'fhoireann na Leabharlainne ar fad chun soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge i ngach 6 leabharlann de chuid ITBÁC a fheabhsú.
- Cuirfear oiliúint feasachta teanga ar fáil don fhoireann ar fad mar chuid de sceideal oiliúna Aonad Oiliúna agus Forbartha Foirne ITBÁC roimh dheireadh bhliain 2 den scéim seo.
- Ó thús na scéime, leanfaidh ITBÁC ag cur Scoláireachtaí ar fáil do chomhaltaí foirne chun freastal ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht, faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha.
- Ó thús na scéime, leanfaidh an Roinn Acmhainní Daonna ag tabhairt aitheantais do rannpháirtíocht chomhaltaí foirne ITBÁC ar chúrsaí samhraidh Gaeilge sa Ghaeltacht mar laethanta oiliúna, faoi réir ceadaithe a mbainisteora áitiúil.
- Ó thús na scéime, cuirfear comhaltaí foirne nua ar an eolas faoi thiomantais agus faoi dhualgais na hInstitiúide faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla i rith ionduchtúcháin. Cuirfear comhairle orthu freisin faoi dheiseanna forbartha chun feabhas a chur ar a n-inniúlacht sa Ghaeilge.

**3.3: Foilseacháin, Ábhar Poiblíochta ITBÁC agus na Meáin****Foilseacháin agus Ábhar Poiblíochta:**

- Cuirfear an t-ábhar seo a leanas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla i bhfoilseacháin de chuid na hInstitiúide ó thús na scéime:
  - Réamheolaire Fochéime ITBÁC (réamhrá ón Uachtarán; an t-eolas ginearálta go léir agus teidil na gclár)
  - Lámhleabhar agus Dialann na Mac Léinn, Saol an Champais ITBÁC (laethanta na seachtaine, na míonna, ceanteidil innéacsanna, an clásal séanta, eolas ar Oifig na Gaeilge agus an litir chumhdaigh)
  - Leabhráin na Searmanas Bhronnta (teidil na gcéimeanna, réamhra agus fáiltiú)
  - Páir Dhámhachtana ITBÁC
- Cuirfear Lámhleabhar na Mac Léinn do DT 553, BA san Iriseoireacht le Teanga (Gaeilge) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, laistigh den chlúdach céanna roimh dheireadh Bhliain 2 den scéim seo.
- Cuirfear Lámhleabhar na Mac Léinn do DT 505, BA i Scannánaíocht agus Craoltóireacht le Teanga (Gaeilge) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, laistigh den chlúdach céanna roimh dheireadh Bhliain 2 den scéim seo.
- Beidh teidil na gclár sa Phaimfléad Achomair ar Chláir Pháirtaimseartha ITBÁC clóite i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh an leagan ar líne de bhróisiúr Cláir Pháirtaimseartha ITBÁC ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla roimh dheireadh bhliain 2 den scéim.
- Roimh dheireadh bhliain 3, áireofar ábhar dátheangach ar an ábhar seo a leanas a chuirfidh Stiúrtóireacht na nGnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora ar fáil:
  - Rialacháin an Mheasúnaithe Ghinearálta
  - An Lámhleabhar d'Fheabhsú Cháilíocht Acadú
- Oibreoidh an Oifig Iontrála le hOifig Gnóthaí Poiblí ITBÁC chun ábhar taispeántais agus chur chun cinn dátheangach a chur ar fáil don Institiúid ó thús na scéime seo.
- Leanfaidh an Oifig Gnóthaí Poiblí ag cur cártaí gnó dátheangacha ar fáil i rith shaolré na scéime seo.
- Roimh dheireadh bhliain 3, beidh an t-ábhar seo a leanas de chuid na hOifige Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil go dátheangach:
  - Gnás Garchabhrach Éigeandála
  - Gnásanna Éigeandála – Uimhreacha Teagmhála Teileafóin
  - Póstaeir Sláinte agus Sábháilteachta in ITBÁC
  - Póstaer Polasaí Saor ó Thobac
  - Lógó na hOifige Sláinte agus Sábháilteachta
  - Foirm Thuairisce ar Thimpiste
  - Foirm Thuairisce ar Ghuaise ar líne
  - Tuairisc Measúnachta ar Aslonnú ar líne
  - Polasaithe agus Gnásanna Sábháilteachta
  - Sonraí Teagmhála d'Ionadaithe Sláinte agus Sábháilteachta ITBÁC
  - Naisc chuig Reachtaíocht, Treoir agus Tagairtí

**Na Meáin:**

- Ó thús na scéime seo, eiseoidh ITBÁC gach preasráiteas a bhaineann le saincheistean na Gaeilge go dátheangach. Chomh maith leis sin eiseoidh ITBÁC 10 bpreasráiteas eile ar a laghad in aghaidh na bliana i bhformáid dhátheangach. Bainfidh na preasráitis dhátheangacha le saincheistean nó le forbairtí a bhfuil tábhacht náisiúnta/idirnáisiúnta ag baint leo, agus a thugann aghaidh ar théamaí a bhfuil suim ghinearálta ag lucht féachana náisiúnta iontu.
- Leanfar ag cur na rannóige Gaeilge – ‘Imeachtaí Gaeilge’ san áireamh le ríomhíris na foirne “Update” a fhoilsíonn an Oifig Gnóthaí Poiblí.
- Áireofar ábhar Gaeilge agus cuirfear chun cinn é in aon mheán de chuid na mac léinn a dtacaíonn oifigí Saol an Champais leo (Nuachtáin agus Irisleabhair an Choláiste).

### 3.4: Bileoga Eolais, Foirmeacha agus Tuarascálacha Modúl ITBÁC

#### Bileoga Eolais agus Foirmeacha:

- Roimh dheireadh bhliain 1, beidh na bileoga eolais agus foirmeacha leabharlainne seo a leanas ar fáil go dátheangach laistigh den chlúdach céanna agus beidh siad le fáil ar Láithreán Gréasáin Sheirbhísí Leabharlainne ITBÁC agus scaipfear iad chuig gach ceann de na 6 láthair leabharlainne:
  - Bileog eolais faoi Rialacháin Leabharlann ITBÁC.
  - Bileog eolais faoi Rochtain a fháil ar an Leabharlann ón mBaile.
  - Bileog eolais faoin gCatalóg Gréasáin Leabharlainne (OPAC) a úsáid.
  - Bileog eolais faoi lasacht idirleabharlainne agus Soláthar Doiciméad.
  - Treoir na Mac Léinn ar Sheirbhísí Leabharlann Shráid Chaoimhín.
  - Bileog eolais faoin Leabharlann ag ITBÁC Sráid Aungier a úsáid.
  - Bileog eolais faoi Shaoráidí Ríomhaireachta agus Priontála sa Leabharlann (Sráid Aungier).
- Beidh Rialacháin na Mac Léinn, ITBÁC ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla roimh dheireadh bhliain 1 den scéim seo.
- Roimh dheireadh na scéime, cuirfear na foirmeacha iarratais seo a leanas go léir ar fáil go dátheangach laistigh den chlúdach céanna:
  - Gach foirm iarratais ar Sheirbhísí Leabharlainne
  - Iarratas chun Cead a fháil Scrúduithe Dáimhe a dhéanamh.
  - Foirm iarratais do chúrsa lánaimseartha don Roinn Dí.
  - Foirmeacha tuairiscithe socrúcháin don BA in Oideachas Luathóige.
  - Foirm iarratais ar Chláir Iarchéime.
  - Staidéar Iarcéime trí Thaighde, Iarratas agus Clárú – PGR 1.
  - Staidéar Iarcéime trí Thaighde, Gnáthshonraí Mac Léinn
  - Staidéar Iarcéime trí Thaighde, Socrúithe Maoirseoireachta - PGR 1(C).
  - Foirm iarratais ar Ranganna Teanga Foirne (DT 554) de chuid Scoil na dTeangacha.
  - Foirm Suirbhé an Léachtóra ar na Mic Léinn
- Cinnteoidh ITBÁC nuair a chuirfear foirmeacha iarratais eolais ar fáil mar leaganacha ar leithligh i nGaeilge agus i mBéarla, go gcuirfear ráiteas oiriúnach ar an leagan Béarla den doiciméad ag cur in iúl go bhfuil leagan Gaeilge ar leith den doiciméad ar fáil agus go bhfuil an leagan Gaeilge le fáil chomh héasca céanna leis an leagan Béarla.
- Beidh na teimpléid a mbaintear úsáid astu chun aitheantas a thabhairt don Oifig Bhainistiú Taifead (lena n-áirítear Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí) dátheangach laistigh den chlúdach céanna roimh dheireadh bhliain 1 den Scéim.
- Foilseofar sainchuntas poist ina mbeidh Gaeilge mar phríomhriachtanas san Institiúid i nGaeilge nó go dátheangach ó thús na scéime seo.
- Ó thús na scéime, déanfar athbhreithniú i gcomhair aistriúcháin ar gach eolas ginearálta, Gnáthchleachtais Oibríochta, bileoga eolais, léarscáileanna agus eile atá Oifig na bhFoigineamh á dhearadh nó á athdhearadh. Cuirfear achoimrí gearra, réamhráite agus teidil ar fáil go dátheangach nuair is cuí.
- Beidh na bileoga fíricí socrúcháin oibre a scaipeann an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta ar fáil go dátheangach laistigh den chlúdach céanna roimh dheireadh bhliain 2 den scéim seo.
- Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach in ITBÁC faoi láthair agus leanfar ar aghaidh á chur ar fáil go dátheangach laistigh den chlúdach céanna i rith shaolré na scéime seo:
  - Gach foirm, bróisiúr agus bileog eolais de chuid Oifig na Gaeilge.
  - Gach bróisiúr agus bileog eolais a bhaineann le DT 587: MA sa Ghaeilge Fheidhmeach

## CAIBIDIL 3:

### TIOMANTAIS I dTreo Seirbhísí A Fheabhsú faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC

#### Tuarascálacha Modúl:

- Beidh tuarascálacha do mhodúil Ghaeilge ar fáil i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla laistigh den chlúdach amháin ó Scoil na Meán roimh dheireadh bhliain 2 den scéim seo.
- Beidh tuarascálacha do mhodúil Ghaeilge ar fáil i nGaeilge amháin nó i nGaeilge agus i mBéarla laistigh den chlúdach amháin ó Scoil na dTeangacha roimh dheireadh bhliain 2 den scéim seo.
- Beidh tuairisc agus leagan amach don chlár BA sa Cheol (Staidéir Cheoil Thraidisiúnta na hÉireann), DT 501 ar fáil go dátheangach ó Ardscoil an Cheoil agus na Drámaíochta roimh dheireadh bhliain 2.

### 3.5: Teicneolaíocht Faisnéise, Láithreán Gréasáin agus Seirbhísí Idirghníomhacha ITBÁC

#### Teicneolaíocht Faisnéise:

- Beidh teachtaireacht dhátheangach i gceangal le gach ríomhphost a théann trí chórais scanta ríomhphoist ITBÁC ó dheireadh bhliain 1 den scéim seo.
- Beidh fógraí ríomhphoist chun cur in iúl do dhaltáí clárú a dhéanamh ar líne agus chun torthaí scrúduithe a fháil ar líne sa dá theanga ó dheireadh bhliain 1 den scéim seo.
- Áireofar níos mó ábhair Ghaeilge ar chárta Aitheantais Mac Léinn ITBÁC san athbhreithniú atá molta ar fhormaid na gcártaí aitheantais a tharlóidh i rith shaolré na scéime.
- Cinnteoidh an Institiúid go ndéanfar stáisiúin oibre ríomhairí agus feistí imeallacha reatha agus nua go léir a chumrú chun tacú le hiontráil, léiriú agus priontáil eolais i gceachtar den dá theanga oifigiúil ó thús na scéime seo. Beidh bunchumraíocht méarchláir Ríocht Aontaithe / Éire caighdeánach ag gach ríomhaire amach anseo.
- Beidh na córais ríomhaireachta nua a chuirfear isteach in ITBÁC comhoiriúnach leis an nGaeilge ó thaobh ainmneacha, logainmneacha agus seoltaí a thaifeadadh, a thaispeáint agus a phriontáil ó thús na scéime seo.
- Cuirfidh ITBÁC isteach pácaistí Gaeilge (Seiceálacha litrithe, uirlisí profléitheoireachta agus eile) ar bhealach rialaithe tar éis don dhéantúsóir bogearraí iad a eisiúint do chórais a úsáidtear go minic ar nós Microsoft Office agus Windows, faoi réir inmharthanacht theicniúil i rith shaolré na scéime seo.

#### Láithreán Gréasáin ITBÁC:

Is é láithreán gréasáin ITBÁC [www.dit.ie](http://www.dit.ie) an príomhfhoinsé eolais don phobal maidir leis an Institiúid. Faoi láthair, is beag ábhar Gaeilge atá le fáil ar láithreán gréasáin ITBÁC. Mar sin féin, tá an córas in ann déileáil le hábhar dátheangach agus iltheangach agus tá cuid den ábhar ar fáil go dátheangach cheana féin.

Sna 3 bliana atá amach romhainn, déanfar an t-ábhar Gaeilge ar láithreán gréasáin ITBÁC a mhéadú mar seo a leanas:

- Beidh an t-ábhar statach ar leathanach Fáilte nó leathanach Baile na Ranna, na Scoileanna agus na Seirbhísí seo a leanas ar fáil go dátheangach roimh dheireadh na scéime:
  - Oifig an Uachtaráin, lena n-áirítear an Oifig Gnóthaí Poiblí agus an Oifig Bainistíochta Taifead.
  - Leathanacha Fáilte nó leathanacha Baile na 4 Choláiste (Coláiste na nEalaíon agus na Turasóireachta, Coláiste an Ghnó, Coláiste na Innealtóireachta agus na Timpeallachta Tógtha agus Coláiste na nEolaíochtaí agus na Sláinte).
  - Acmhainní Daonna lena n-áirítear Oiliúint agus Forbairt Foirne agus an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta.
  - Scoil na dTeangacha, Scoil na Meán, Scoil na Bainistíochta Fáilteachais agus na Turasóireachta, an Scoil Ealaíona Cócaireachta agus Teicneolaíocht Bia, Ardscoil an Cheoil agus na Drámaíochta agus Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Díl.
  - Oifig na bhFoirgneamh
  - Saol an Champais
  - Stiúrthóireacht na nGnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora



### CAIBIDIL 3:

## TIOMANTAIS I DTREO SEIRBHÍSÍ A FHEABHSÚ FAOI SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA ITBÁC

- Seirbhísí Eolais
- Seirbhísí Leabharlainne
- Oifig Maoine agus Saoráidí
- Oifig Iontrála Mac Léinn
- Beidh aon leathanach nua a thugtar cothrom le dáta ar an rannóg *About DIT* den láithreán gréasáin le fáil sa dá theanga.
- Réamhrá ar leathanach na Seirbhísí Leabharlainne.
- Cuirfear ábhar Gaeilge le leathanach baile Aontas na Mac Léinn ITBÁC.
- An Gluais Téarmaí Sláinte agus Sábháilteachta atá ar fáil ar líne.
- Cuirfidh tairseach foirne agus mac léinn na hInstitiúide, [www.myDIT.ie](http://www.myDIT.ie), ábhar Gaeilge ar a leathanach baile agus foilseoidh sí 'Focal an Lae' as Gaeilge gach lá.
- Cinnteoidh ITBÁC go gcuirfear gach foilseachán agus bileog eolais a chuirfear ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar fáil ar an láithreán gréasáin ag an am céanna leis an leagan Béarla.
- Cuirfidh ITBÁC tiomantais na hInstitiúide faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC chun cinn go gníomhach agus cuirfidh siad an pobal ar an eolas maidir leo ó thús na scéime. Chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge in ITBÁC a chur in iúl don phobal, cruthófar an rannóg [www.dit.ie/gaeilge](http://www.dit.ie/gaeilge) ar láithreán gréasáin na hInstitiúide le nasc ón leathanach baile [www.dit.ie](http://www.dit.ie) Beidh eolas faoi na seirbhísí agus na foilseacháin go léir atá ar fáil go dátheangach ón Institiúid mar chuid de Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC le fáil ar [www.dit.ie/gaeilge](http://www.dit.ie/gaeilge) agus tabharfar cothrom le dáta go rialta é.

### Seirbhísí Idirghníomhacha ITBÁC:

- Tá córas iarratais ar líne á fhorbairt ag Oifig Iontrála ITBÁC do gach clár fochéime agus iarchéime ITBÁC agus roimh dheireadh na scéime seo beidh an córas iarratais ar líne seo ar fáil i nGaeilge.
- Cuirfear ar fáil aon seirbhísí idirghníomhacha nua eile de chuid na hInstitiúide a thugann deis don phobal iarratais a dhéanamh ar líne go dátheangach faoi réir inmharthanacht theicniúil ó thús na scéime.
- Aon seirbhísí idirghníomhacha ar líne atá ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair faoi smacht ITBÁC, cuirfear ar fáil go dátheangach iad faoi réir inmharthanacht theicniúil agus chomh luath is a bhíonn acmhainní agus foireann ar fáil ón Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise chun tabhairt faoin obair.
- Beidh an comhéadan catalóige leabharlainne ar líne ar fáil go dátheangach chomh luath is a bheidh crua-earraí nua i bhfeidhm chun an t-uasghrádú bogearraí riachtanach a éascú. Críochnófar é seo roimh bhliain 3 den scéim.

### 3.6: An Ghaeilge agus Saol na Mac léinn:

- Oibreoidh Aontas na Mac Léinn ITBÁC le Cumann Gaelach na hInstitiúide, le hOifig na Gaeilge, le hAontas na Mac Léinn in Éirinn agus le páirtithe eile chun beartas Gaeilge a fhorbairt don Aontas roimh dheireadh bhliain 1 den scéim seo.
- Tacóidh Aontas na Mac Léinn ITBÁC le hOifigeach Gaeilge Mac Léinn a cheapadh roimh dheireadh bhliain 2 den scéim seo.
- Leanfaidh Oifig Chumann na Mac Léinn agus Aontas na Mac Léinn, ITBÁC ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don Chumann Gaelach i rith shaolré na scéime seo agus forbrófar Cumainn Ghaelacha bhreise ar champais eile na hInstitiúide i rith shaolré na scéime seo.
- Ó thús na scéime seo, oibreoidh Aontas na Mac Léinn ITBÁC leis an gCumann Gaelach, le hOifig na Gaeilge agus le cumainn eile de chuid na mac léinn lena chinntiú go mbeidh imeachtaí Gaeilge ar bun i rith Sheachtain na Chéad Bhliana agus Sheachtain Phléarácaim gach bliain.
- Cuirfear oiliúnt feasachta teanga ar fáil do chomhaltaí foirne, oifigigh thofa agus tionólaithe de chuid Aontas na Mac Léinn ITBÁC chun iad a chur ar an eolas faoi thiomantais agus dualgais na hInstitiúide faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla roimh dheireadh na scéime seo.

### CAIBIDIL 3:

## TIOMANTAIS I dTreo Seirbhísí A Fheabhsú faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC

- Leanfar le Scéim Cónaithe Gaeilge, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i rith shaolré na scéime seo agus cuirfear scoláireachtaí ar fáil do mhic léinn ITBÁC le Gaeilge chun lóistín a roinnt lena chéile trí mheán na Gaeilge, arna eagrú ag Oifig na Gaeilge.
- Leanfar le ranganna Gaeilge saor in aisce a chur ar fáil do mhic léinn na hInstitiúide chomh maith le Scoláireachtaí chun freastal ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht, faoi réir éilimh agus acmhainní leordhóthanacha, arna eagrú ag Oifig na Gaeilge.
- Oibreoidh Oifig na bhFoirgneamh le Saol an Champais, ITBÁC agus le hOifig na Gaeilge chun Spás Foghlama Neamhfhoirmiúil Gaeilge ainmnithe a bhunú roimh dheireadh bhliain 1 den scéim seo.
- Leanfar ar aghaidh ag úsáid na Gaeilge ag bronnadh foirmiúil dámhachtainí ITBÁC ag searmanais bhronnta ó thús na scéime seo.

### 3.7: Lasc-chlár ITBÁC:

Is é lasc-chlár ITBÁC an chéad phointe teagmhála d'fhorhór an phobail a dhéanann teagmháil leis an Institiúid. Beidh sé mar bheartas ag ITBÁC a chinntiú ó thús na scéime go mbeidh cleachtas na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí (QCS) i bhfeidhm sa réimse seo:

- Cuirfidh an fhoireann Lasc-chlár fáilte roimh an bpobal go dátheangach agus déarfair ainm na hInstitiúide i nGaeilge agus i mBéarla.
- Beidh socruithe cuí i bhfeidhm le gur féidir leis an bpobal dul i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach a bhfuil sé de dhualgas air/uirthi an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil trí Ghaeilge, nuair is ann dóibh.

### 3.8: Fáiltithe ITBÁC

Is iad fáiltithe ITBÁC an chéad phointe teagmhála ag go leor cuairteoirí chuig Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus tá siad mar phointe comhtheagmhála do gach campas ITBÁC don fhoireann agus do mhic léinn. Tá go leor foirgneamh ag ITBÁC atá lonnaithe ar fud chathair Bhaile Átha Cliath. Is iad na príomhláithreacha ná: Sráid Aungier, Sráid Bolton, Sráid Chathail Brugha, Sráid Chaoimhín, Cearnóg Mhuinseo, 143 Bóthar Ráth Maonais agus 159 Bóthar Ráth Maonais.

- Cuirfear tús leis an bpróiseas chun soláthar cuimsitheach seirbhísí do chustaiméirí trí Ghaeilge ag an bhfáiltiú i ngach príomhláthair a chinntiú i rith shaolré na chéad scéime seo agus ní cuirfear i gcrích é go dtí go mbeidh scéimeanna ina dhiaidh sin i bhfeidhm. Ach cuirfear oiliúint Ghaeilge shonrach ar fáil d'fhoireann fáiltithe ITBÁC chun soláthar seirbhíse trí mheán na Gaeilge a fheabhsú d'fhonn seirbhís dhátheangach a chur ar fáil i dhá ionad ITBÁC roimh dheireadh na scéime seo.
- Roimh dheireadh bhliain 2 den scéim seo, cuirfear oiliúnt feasachta teanga ar fáil don fhoireann fáiltithe iomlán mar chuid d'Oiliúint Fáiltithe Ghinearálta ITBÁC.

### 3.9: Campas Ghráinseach Ghormáin:

- Déanfaidh an Oifig Iontrála, Oifig na bhFoirgneamh, Saol an Champais chomh maith leis an Oifig Maoine agus Saoráidí pleanáil d'fhorbairt bhreise agus do chur chun cinn sholáthar seirbhísí Ghaeilge do Champas nua Ghráinseach Ghormáin, atá beartaithe d'ITBÁC.
- Déanfaidh Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC pleanáil d'fhorbairt bhreise agus do chur chun cinn sholáthar seirbhísí Ghaeilge don leabharlann lánach nua atá beartaithe do champas nua Ghráinseach Ghormáin.
- Tá Seirbhísí Leabharlainne ITBÁC ag forbairt Bailiúchán Speisialta de Mheáin Ghaeilge faoi láthair. Leanfaidh na Seirbhísí Leabharlainne le deiseanna chun an bailiúchán seo a fhorbairt agus fáilte a chur roimh ábhair ón bpobal chun cur leis an mBailiúchán Speisialta seo. Forbrófar an Bailiúchán Speisialta i gcomhar le Coiste na Gaeilge ITBÁC agus le leabharlanna, eagraíochtaí agus Institiúidí tríú leibhéal eile.
- Cuirfear úsáid logainmneacha Gaeilge chun cinn ar an gcampas nua i nGráinseach Ghormáin.



## CAIBIDIL 4:

### MONATÓIREACHT, MEASÚNÚ AGUS POIBLÍOCHT AR SCÉIM ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, ITBÁC

#### 4.1: Monatóireacht agus Measúnú a dhéanamh ar Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC

- Coinneoidh Comhlacht Rialaithe ITBÁC feidhmiú éifeachtach na scéime faoi athbhreithniú. Tá Cinn Ranna agus Cinn Scoileanna freagrach as cur i bhfeidhm na dtiomantas ó lá go lá ina gcuid réimsí féin.
- Cuirfidh Oifig na Gaeilge agus ranna eile ar fud na hInstitiúide tacaíocht ar fáil do gach roinn agus scoil atá rannpháirteach i Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC.
- Tá comhalta foirne a bheidh freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scéime laistigh dá roinn nó scoil féin, aitheanta ag ranna agus scoileanna.
- Ó thús na scéime, tabharfaidh gach roinn agus scoil nuashonrú chuig Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla de chuid ITBÁC gach sé mí, arna éascú ag Oifig na Gaeilge.
- Tuairisceoidh Coiste Acht na dTeangacha Oifigiúla de chuid ITBÁC chuig Comhlacht Rialaithe na hInstitiúide maidir le dul chun cinn foriomlán na scéime.

#### 4.2: Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC a Phoibliú:

- Cuirfidh ITBÁC tiomantais na hInstitiúide faoi Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC chun cinn go gníomhach agus cuirfidh siad an pobal ar an eolas maidir leo ó thús na scéime. Chun na seirbhísí a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge in ITBÁC a chur in iúl don phobal, cruthófar an rannóg [www.dit.ie/gaeilge](http://www.dit.ie/gaeilge) ar láithreán gréasáin na hInstitiúide le nasc ón leathanach baile [www.dit.ie](http://www.dit.ie). Beidh eolas faoi na seirbhísí agus na foilseacháin go léir atá ar fáil go dátheangach ón Institiúid mar chuid de Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC le fáil ar [www.dit.ie/gaeilge](http://www.dit.ie/gaeilge) agus tabharfar cothrom le dáta go rialta é.
- Fógrófar ábhar Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC laistigh den Institiúid agus don phobal i gcoitinne trí na modhanna seo a leanas:
  - Fógrófar ábhar Scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla ITBÁC laistigh den Institiúid agus don phobal i gcoitinne trí na modhanna seo a leanas:
    - ciorclán agus preasráiteas
    - fógraíocht faoin méid a chuirfear ar fáil (faoi réir coinníollacha buiséid)
    - scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí agus
    - láithreán gréasáin na hInstitiúide